

Cathracha Ilteangacha

Faisnéis Tacaíochta

Faisnéis chúlra

Tagann an sampla seo ó Rang a Sé agus tá 23 páiste sa rang. Déantar **éagsúlacht chultúir** na dteaghlach sa phobal áitiúil a cheiliúradh agus tugtar aitheantas don **éagsúlacht teanga** a dtugann na páistí ó chúilraí difriúla leo. Cé go bhfuil roinnt páistí sa rang arb é an Béarla an chéad teanga acu, tá **teanga bhaile seachas Béarla** ag go leor páistí. Déanann múinteoirí na leibhéal difriúil ranganna sa scoil éagsúlacht teanga a chur chun cinn ina seomraí ranga ach aitheantas a thabhairt do theangacha baile uile na bpáistí agus leas a bhaint astu. Trí thagairt a dhéanamh do theangacha seachas Béarla agus Gaeilge sna torthaí foghlama i gCuraclam Teanga na Bunscoile, tugtar deis do mhúinteoirí pleanáil d'eispéiris foghlama fhiúntacha ina bhféadfaidh páistí a gcuid **eolais agus feasachta faoi theangacha** a thabhairt isteach sa seomra ranga agus foghlaim óna chéile.

An clár Taiscéalaithe Teanga agus an tionscadal Cathracha Ilteangacha

Tá infheistíocht déanta ag an scoil i sainoiliúint sa chláir *Taiscéalaithe Teanga*, clár atá ceaptha cur le feasacht na bpáistí ar na teangacha difriúla a labhraíonn pobal na scoile. Spreagtar **cur chuige ilteangach** i leith teagaisc agus foghlama sa chláir sin, agus déantar úsáid theangacha baile na bpáistí i dtimpeallacht na scoile agus inniúlacht idirchultúrtha a chur chun cinn (<https://mothertongues.ie/for-schools/>).

Sa sampla seo, léirítear páistí agus úsáid á baint acu as a gcuid eolais agus feasachta ar theangacha difriúla chun tabhairt faoin tionscadal *Cathracha Ilteangacha*. An sprioc atá leis an tionscadal *Cathracha Ilteangacha*, tionscadal faoin tionscnamh *Taiscéalaithe Teanga*, páistí a spreagadh chun **aird a thabhairt ar an éagsúlacht teangacha** a bhíonn thart orthu gach lá agus **léirithuisint a bheith acu dó**.

Reáchtáiltear an tionscadal sa seomra ranga mar seo a leanas:



1. I dtosach, cuirtear raon íomhánna agus focal, i dteangacha difriúla agus baint acu leis an téama cathracha, ar fáil do na páistí. Déanann siad scrúdú ar na focail sin i ngrúpaí agus déanann siad iarracht **brí a bhaint as focail agus frásaí i dteangacha difriúla** trí cheisteanna a chur ar a gcomhscoláirí agus na focail agus frásaí a phlé leo.
2. Baineann páistí úsáid as a gcuid eolais agus feasachta ar theangacha chun a dtaispeántas faoi chathair ilteangach a chur le chéile, le himeacht aimsire. Déanann siad scrúdú ar na **cosúlachtaí agus na difríochtaí idir focail agus frásaí** i dteangacha éagsúla. Spreagann an múinteoir iad le smaoineamh ar an tslí a bhféadfaidh a gcuid eolais ar theangacha difriúla cabhrú leo an bhrí atá le focail agus frásaí i dteangacha eile a aithint agus a oibriú amach.
3. Oibríonn na páistí le chéile ina gcuid grúpaí chun a gcathair ilteangach a cheapadh. Roghnaíonn siad gearrthóga d'fhoirgnimh éagsúla agus déanann siad iarracht úsáid a bhaint as an oiread teangacha agus is féidir chun na haghaidheanna siopaí agus comharthaí sráide a chruthú. Tarraingíonn siad ar a **gcuid eolais ar theangacha éagsúla** agus roinneann siad an t-eolas sin fad atá an taispeántas faoi chathair ilteangach á chruthú acu sa ghrúpa.
4. Ar deireadh, cuireann na páistí a dtaispeántais chríochnaithe ar chathair ilteangach i láthair an chuid eile den rang.

Cathracha Iteangacha

Faisnéis Tacaíochta

Ullmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama

Phléigh an múinteoir an cur amach a bhí aici ar **chúlraí difriúla na bpáistí agus ar an raon éagsúil teangacha baile a bhí acu**. Rinne sí cur síos ar an éagsúlacht sin mar dheis chun foghlaim agus **feasacht ar theangacha** a chothú do na páistí go léir sa seomra ranga. Agus stór uathúil teangeolaíoch na bpáistí a aithint, rinne sí cur síos ar an tslí ar chuir a cuid eolais ar **theangacha baile agus ar chultúir na bpáistí** bonn eolais faoina hullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim. Rinne sí pleanáil do dheiseanna a thabhairt do na páistí **teangacha a fhiosrú, a scrúdú agus a chur i gcomparáid**. Bhí páirt á glacadh ag na páistí sa chlár Taiscéalaithe Teanga le tamall anuas agus dá bharr sin, bhí siad cleachta ar a bheith ag foghlaim faoi theangacha agus cultúir dhifriúla. Bhí **feasacht ar theangacha ag dul i méid** sa seomra ranga dá bharr. D'aithin an múinteoir príomhthorthaí foghlama cuí ón snáithe **Léitheoireachta** agus ó fhócas na foghlama nua. Is iad na torthaí sin:

Toradh Foghlama (TF)	Fócas na foghlama nua
TF4: Feasacht fhóineolaíoch agus fhóineimeach	Focail a aithint agus a chur i gcomparáid i dteangacha difriúla.
TF5: Fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail	Scileanna teanga agus eolas reatha a úsáid chun ciall a bhaint as téacs i dteangacha difriúla.

Laistigh den snáithe **Scribhneoireachta**, rinne an múinteoir pleanáil do thoradh foghlama 5 mar seo a leanas:

Toradh Foghlama (TF)	Fócas na foghlama nua
TF5: Stór focal	Foclóir cuí a roghnú i dteangacha éagsúla.




Cathracha Ilteangacha

Faisnéis Tacaíochta

Measúnú

Le linn an eispéiris foghlama seo, tharraing an múinteoir ar **eolas roimhe seo na bpáistí ar theangacha** trí cheisteanna agus plé. Ar an tslí sin, tugadh deiseanna do na páistí machnamh a dhéanamh ar a gcuid eolais agus taithí ar theangacha difriúla a úsáid. D'úsáid sí **measúnú iomasach** agus sraith **idirghníomhaíochtaí pleanáilte** chun an tslí a ndéanann páistí **fiosrú, scrúdú agus comparáid ar theangacha** aithint. Áiríodh leo sin **faire** ar chumas na bpáistí ciall a bhaint as focail i dteangacha difriúla agus comparáidí a dhéanamh idir na teangacha. Chuir sí raon **ceisteanna cuí** i rith **plé leis an rang uile** agus i **bplé grúpaí beaga** chun páistí a spreagadh le machnamh a dhéanamh ar **chosúlachtaí agus difríochtaí idir theangacha**. Bhain an múinteoir úsáid as roinnt straitéisí 'smaointe os ard' chun aird na bpáistí a tharraingt go rathúil ar theangacha difriúla, chun brí agus fuaimniú focal a sheiceáil agus chun iarraidh ar pháistí a bheith rannpháirteach sa phlé faoi theangacha. Tugadh deiseanna do na páistí oibriú le chéile i ngrúpaí chun a gcathair ilteangach a chruthú, agus ba léir an fhianaise ar **phíarmheasúnú**, inar chuir na páistí ceisteanna ar a chéile faoi bhrí agus fuaimniú focal ina dteanga bhaile. Chuir na páistí a dtaispeántais chríochnaithe i láthair an ranga agus chuir a gcomhscóláirí agus an múinteoir tuilleadh ceisteanna orthu chun breis plé a dhéanamh ar theangacha.



Machnamh

- Cad iad na creidimh a chuir an múinteoir in iúl i ndáil le teangacha baile na bpáistí? Conas a chuirtear na creidimh sin in iúl sa Sampla?
- Déan machnamh ar dhíospóireachtaí na bpáistí faoin nGaeilge sa sampla seo. Conas a léiríonn an Sampla seo luach na dteangacha go léir, lena n-áirítear Béala, Gaeilge agus teangacha baile na bpáistí?
- Cad iad na gnéithe den chur chuige oideolaíoch a d'úsáid an múinteoir is mó a bhfuil spéis agat iontu?

Le féachaint ar na físeáin a bhaineann leis an bhfaisnéis tacaíochta seo cliceáil anseo.